


Luachanna an Údaráis



Foghlaimeoiríarnach - cothaímid cultúr rochtana, freagrúlachta, solúbthachta, iontaobh agus caighdeán san oideachas, san oiliúint agus i gcáilíochtaí. Is é an foghlaimeoir agus a dhearcadh siúd atá lánach d'obair an Údaráis agus spreagaimid geallsealbhóirí chun an rud céanna a dhéanamh.

Díríte ar fheabhsú - is eagraíocht sinn atá ag foghlaim agus ag forbairt agus geallaimid measúnú leanúnach a dhéanamh ar ár gcuid oibre agus é a fheabhsú. Buntacaíonn an dearcadh sin lenár gcur chuige i leith cáilíocht sa bhreiseoideachas, san ardoideachas agus san oiliúint a fheabhsú agus an cháilíocht sin a dhearbhu.

Comhoibríteach - oibrímid i gcomhar lenár ngeallsealbhóirí chun muinín a chothú sna deiseanna oideachais agus oiliúna agus chun na deiseanna sin a fheabhsú, agus chun aitheantas níos fearr a fháil do cháilíochtaí.

Neamhspleách - cé go n-oibrímid faoi chuimsiú bheartas an Rialtais, is eagraíocht neamhspleách sinn ó thaobh chomhlíonadh na bhfeidhmeanna againn agus ó thaobh na cinnteoireachta. Comhlíonaimid ár bhfeidhmeanna go macánta trédhearcach, agus ar shlí chothrom neamhchlaon oibiachtúil.

Gairmiúil - caithimid le gach duine le meas, le dínit agus le cúirtéis. Tugaimid aird ar na caighdeán seirbhíse poiblí is airde ó thaobh cuntasachta, éifeachtacht, freagrúlacht agus éifeachtúlacht.

Torthaí ár gcuid oibre

Tríd an obair a dhéanfaimid sna chéad trí bliana eile

1. Déanfar caighdeán bhreiseoideachas, ardoideachas agus oiliúint na hÉireann a chothabháil agus a fheabhsú agus beidh creidiúint idirnáisiúnta aige
2. Cuirfidh córas cáilíochtaí na hÉireann cáilíochtaí ábhartha, tráthúla ar fáil a mbeidh meas orthu go hidirnáisiúnta
3. Beidh tuilleadh cosáin ann mar aon le solúbthacht agus soghluaisteacht níos fearr d'fhoghlaimeoirí sna hearnála éagsúla oideachais agus oiliúna
4. Cuirfear an pobal ar an eolas mar gheall ar chaighdeán an bhreiseoideachais, an ardoideachais agus na hoiliúna agus na gcáilíochtaí
5. Beidh cultúr eagraíochtúil ag an Údarás ina ndéanfar na ceithre chomhlacht oidhreacht a chónascadh, agus éifeachtúlachtaí agus comtháiteacht níos fearr a bhaint amach i dtaca le dearbhú cáilíochta agus cáilíochtaí.

Feidhmeanna reachtúla an Údaráis

Ceadú a thabhairt do nósanna imeachta um dhearbhu cáilíochta soláthraithe breiseoideachais, ardoideachais agus oiliúna, seachas na hollscoileanna

Athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtaí atá na nósanna imeachta um dhearbhu cáilíochta ag soláthraithe breiseoideachais agus ardoideachais, lena n-áirítear na hollscoileanna

An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí a chur ar aghaidh, a chothabháil, a fhorbairt agus a chur chun feidhme

Comhairle a chur ar an Aire Oideachais agus Scileanna i dtaca le beartas náisiúnta ar dhearbhu agus feabhsú cáilíochta i gcórsaí oideachais agus oiliúna

Cód cleachtais a bhunú maidir le soláthar cláir oideachais agus oiliúna d'fhoghlaimeoirí idirnáisiúnta, agus chun úsáid an Mhairc Oideachais Idirnáisiúnta a údarú do sholáthraithe a chomhlíonann an cód.

Bunachar sonraí de dhámhachtainí agus de chlár as a leanann na dhámhachtainí sin a bhunú, a chothabháil agus a fhorbairt

Clár a bhunú agus a chothabháil de na soláthraithe atá údaraithe chun an Marc Oideachais Idirnáisiúnta a úsáid agus a bhfuil socrúithe i bhfeidhm acu chun foghlaimeoirí cláraithe a chosaint

Ceadú a thabhairt do nósanna imeachta um dhearbhu cáilíochta soláthraithe breiseoideachais, ardoideachais agus oiliúna, seachas na hollscoileanna

Athbhreithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme a nósanna imeachta um rochtain, aistriú agus forchéimniú ag soláthraithe breiseoideachais, ardoideachais agus oiliúna lena n-áirítear ollscoileanna

Cláir oideachais agus oiliúna a bhailíochtú, agus athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar chlár bhailíochtaithe

Na caighdeán eolais, scile agus inniúlachta a bhunú, a bheidh le sroicheadh ag foghlaimeoirí chun dhámhachtain de chuid an Údaráis a fháil

Dámhachtainí a dhéanamh agus foghlaim a theastasú

Údarás chun dhámhachtainí a dhéanamh a tharmlígean do sholáthraithe agus feidhmiú an údaráis sin a athbhreithniú

A chinntiú go mbíonn socrúithe chun cosaint a thabhairt d'fhoghlaimeoirí cláraithe i bhfeidhm ag na soláthraithe sin a bhfuil sé d'oibleagáid dlíthiúil orthu é sin a dhéanamh

Comhoibriú le comhlachtaí idirnáisiúnta maidir le cáilíochtaí agus dearbhú cáilíochta, go háirithe chun aitheantas do na comhlachtaí sin a éascú in Éirinn agus aitheantas idirnáisiúnta do dhámhachtainí a rinneadh in Éirinn a éascú go hidirnáisiúnta

An tÚdarás a chur ar an eolas mar gheall ar riachtanais oideachais, oiliúna, scile agus cáilíochta lucht tionscail, talmhaíochta, gnó, turasóireachta, trádála, na ngairmeacha agus na seirbhíse poiblí, lena n-áirítear riachtanais i dtaca le leibhéal eolais, scile nó inniúlachta, a bheidh le gnóthú ag foghlaimeoirí

An tÚdarás a chur ar an eolas mar gheall ar chleachtais lasmuigh den Stát atá ábhartha maidir lena feidhmeanna agus a fhéachann do bheartas an Rialtais i dtaca le hoideachas agus oiliúint

Dul i gcomhairle le soláthraithe, comhlachtaí gairmiúla aitheantais, leis an bhfoireann agus le hionadaithe foghlaimeoirí, leis an Údarás um Ardoideachas, leis an gComhairle Náisiúnta Measúnachta agus Curaclaim, le Coimisiún na Scrúduithe Stáit agus le haon duine nó chomhlacht eile a mheasann an tÚdarás a bheith cuí.

An tÚdarás Cáilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta, 26/27 Lána Denzille, Baile Átha Cliath 2, Éire. +353 1 9058100 www.QQI.ie



Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann

Ráiteas Straitéise 2014 – 2016

www.QQI.ie



QQI

Quality and Qualifications Ireland
Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann


Misean an Údaráis

Cothaíonn an tÚdarás cáilíocht i mbreiseoideachas, in ardoideachas agus in oiliúint na hÉireann agus dearbhaíonn sé cáilíocht na soláthraithe. Tacaíonn an tÚdarás le córas cáilíochtaí a théann chun sochair foghlaimeoirí agus geallsealbhóirí eile, agus cuireann é chun cinn.

Fís an Údaráis

Deiseanna forleathana ardoideachais agus oiliúna agus cáilíochtaí a bhfuil luach orthu go forleathan, in Éirinn agus thar lear

Réamhrá



Seo é an chéad ráiteas straitéise ón Údarás Cáilíochta agus Dearbhú Cáilíochta Éireann (an tÚdarás). Soláthraíonn sé treoir don fhoireann agus do na geallsealbhóirí againn maidir leis an misean, an fhís, na luachanna agus na spriocanna atá againn agus faoin tslí ina mbeartaímid iad a bhaint amach. Clúdóidh an ráiteas tréimhse trí bliana ó Eanáir 2015 go Nollaig 2016. Beidh sé ina bhonn taca le sraith pleananna corparáideacha bliantúla ina leagfar amach na bearta a bheidh le déanamh agus na cuspóirí agus na torthaí a bheidh le sroicheadh gach bliain ag an eagraíocht. I gcúrsa na chéad trí bliana eile déanfaimid monatóireacht agus athbhreithniú ar an tslí ina gcuirtear an straitéis chun feidhme agus foilseofar tuarascálacha feidhmíochta.

Is tábhachtaí ná riamh cáilíochtaí i saol an lae inniu. Ráitis atá iontu ar an fhoghlaim atá déanta ag an duine agus lorgaítear iad anois níos mó ná riamh agus daoine ag lorg fostaíochta nó deiseanna breisoideachais. De bharr na mhéad soghluaisteachta oibre agus oideachais atá coitianta i saol an lae inniu ní mór aitheantas a bheith ar fáil do cháilíochtaí. Neartaíonn próisis sheachtracha um dhearbhú cáilíochta an tslí ina nglactar agus ina n-aithnítear cáilíochtaí, ruda a chinntíonn go mbíonn cáilíochtaí ar leibhéal oiriúnach agus go mbíonn siad ábhartha agus go mbíonn saolré chuí acu. Croílár obair an Údaráis is ea cáilíochtaí, dearbhú a gcáilíochta, agus dearbhú seachtrach cáilíochta i gcás soláthraithe breisoideachais agus ardoideachais agus oiliúna.

Gníomhaireacht Stáit is ea an tÚdarás, faoi scáth na Roinne Oideachais agus Scileanna. Bunaíodh é i Samhain 2012 tar éis ceithre chomhlacht a chónascadh: Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna, Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna, Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann agus Bord Cáilíochta Ollscoileanna na hÉireann. Ghabh an tÚdarás gach ceann d’fheidhmeanna na gcomhlachtaí sin air féin agus tá feidhmeanna nua aige, leis, a bheidh le forbairt amach anseo. Ceapfaidh an tÚdarás Marc Idirnáisiúnta Oideachais do sholáthraithe a chuireann cláir oideachais agus oiliúna ar fáil do mhic léinn idirnáisiúnta agus bunóidh sé bunachar sonraí clár agus cáilíochtaí. Cuirfidh an obair sin comhleánúnachas ar fáil idir cáilíochtaí agus dearbhú cáilíochta sa bhreisoideachas, san ardoideachas agus san oiliúint, bunaithe ar ar an méid ar éirigh leis na comhlachtaí oidhreachta a bhaint amach. Cothóidh sin muinín agus iontaobh sa phobal.

Tá sainordú leathan ag an Údarás i réimse an oideachais agus na hoiliúna in Éirinn agus tá ról tábhachtach aige sa chóras cáilíochtaí ós ar an Údarás atá freagracht as an gCreat Náisiúnta na gCáilíochtaí. Baineann ár gcuid oibre le foghlaimoírí i suíomhanna éagsúla – scoileanna, aosoideachas, oideachas pobail, scoileanna múinte an Bhéarla, gairmoiliúint agus ardoideachas. Oibrímid, chomh maith, le soláthraithe a chuireann breisoideachas, ardoideachas agus oiliúint ar fáil, le ranna rialtais, le gníomhaireachtaí Stáit agus comhlachtaí cistiúcháin; le comhlachtaí rialála; le comhlachtaí gairmiúla; le comhlachtaí bronnta dámhachtainí; comhlachtaí earnála agus ionadaíocha agus comhlachtaí idirnáisiúnta atá freagrach as dearbhú cáilíochta agus cáilíochtaí.

Ba iad foireann agus Bord an Údaráis a cheap an ráiteas straitéis seo. Thógamar ceann dár sainordú dlíthiúil; den mhéid ar éirigh leis na comhlachtaí oidhreachta a bhaint amach, de na gealltanais a bhí déanta acu agus den mhéid a d’fhoghlaimiomar uathu; dár bpríomhréimsí oibre agus dár bpleananna, den timpeallacht sheachtrach agus inmheánach agus de na dúshláin a ghabhann leo siúd agus den chomhairliú a rinneadh le geallsealbhóirí seachtracha. Ba mhaithe lenár ggeallsealbhóirí seachtracha go gcuirfimis torthaí fónta ar fáil do na geallsealbhóirí uile, go háirithe d’fhoghlaimoírí, agus go rachaimis i gcomhar leo chun cáilíocht a dhearbhú agus a fheabhsú, chun rialáil éifeachtach a dhéanamh, chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí agus chun córas cáilíochtaí dinimiciúil freagrúil a chur chun cinn.

Sna trí bliana atá romhainn, féachfaidh an tÚdarás le caighdeán bhreisoideachas, ardoideachas agus oiliúint na hÉireann a choimeád agus a fheabhsú. Déanfaimid ár ndícheall chun go gcuirfear cáilíochtaí a mbeidh meas ag an bpobal idirnáisiúnta orthu ar fáil mar aon le tuilleadh conairí foghlama agus tuilleadh solúbthachta d’fhoghlaimoírí. Cinnteoidm go gcoimeádfar an pobal ar an eolas mar gheall ar chaighdeáin chláir oideachais agus oiliúna na hÉireann agus déanfar na ceithre chomhlacht oidhreachta a chomhtháthú go leanúnach chun go mbeidh socruithe um dhearbhú cáilíochta agus cáilíochtaí níos soiléire agus níos comhtháite ná riamh.

An Dr Pádraig Walsh
Príomhfeidhmeannach
Samhain, 2013

Ról an Údaráis

Tá roinnt rólí thábhachtacha againn, ag éirí as na feidhmeanna reachtúla a sannadh dúinn faoin Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012.

Príomhróil an Údaráis

- Cáilíocht soláthraithe breisoideachais, ardoideachais agus oiliúna agus cáilíocht a seirbhísí taighde agus seirbhísí gaolmhara a dhearbhú

- Creat Náisiúnta na gCáilíochtaí a chur chun cinn, a forbairt agus a chothabháil

- Cláir a bhailíochtú agus dámhachtainí a dhéanamh

- An pobal a chur ar an eolas mar gheall ar chaighdeán na gclár oideachais agus oiliúna agus na gcáilíochtaí.

- Comhairle a chur ar an Aire i dtaca leis an mbeartas náisiúnta ar dhearbhú cáilíochta agus an fheabhsú an oideachais agus na hoiliúna.

Geallsealbhóirí an Údaráis

Freastalaímid ar gheallsealbhóirí i ngach earnáil den oideachas agus den oiliúint: foghlaimoírí, soláthraithe, ranna rialtais, gníomhaireachtaí Stáit agus comhlachtaí cistiúcháin; comhlachtaí rialála; comhlachtaí gairmiúla; comhlachtaí a bhronnann dámhachtaini; comhlachtaí earnála agus ionadaíocha, agus comhlachtaí idirnáisiúnta atá freagrach as dearbhú cáilíochta agus as cáilíochtaí.

Spriocanna an Údaráis

1 Sraith chuimsitheach chomhtháite beartas agus nósanna imeachta de chuid an Údaráis a bhunú, agus Creat Náisiúnta na gCáilíochtaí a bheith ina ghné lárnach eagrúcháin

An cur chuige straitéiseach

a. Clár cuimsitheach i leith forbairt beartais a ghlacadh agus a chur chun feidhme

b. An caidreamh a bhíonn againn le soláthraithe a eagrú ar bhonn teagmhála thar thréimhse saoil le feidhmeanna an Údaráis

c. Tús áite a thabhairt d’fhorbairt bheartais an Údaráis chun rochtain ar bhailíochtú clár a oscailt do sholáthraithe nua agus teagmháil a athbhunú le soláthraithe a raibh caidreamh acu le Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna, le Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna, le hÚdarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann agus le Bord Cáilíochta Ollscoileanna na hÉireann.

d. Creat Náisiúnta na gCáilíochtaí a chur chun cinn, a forbairt agus a chothabháil

e. Bainfear leas as an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí chun aitheantas a thabhairt do cháilíochtaí a bhfuil a gcáilíocht dearbhaithe agus a fuarthas ó chomhlachtaí dámhachtana aitheanta.

f. Dul i mbun oibre le comhlachtaí gairmiúla agus le comhlachtaí rialála chun úsáid Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí a chur chun cinn

g. Tacú le cur chun feidhme an Chreata Eorpaigh um Cháilíochtaí in Éirinn

h. Ár gcuid oibre a chur in iúl do gheallsealbhóirí.

2 Tús áite a thabhairt d’fhoghlaimoírí inár mbeartais agus inár ngníomhaíochtaí agus inár gcaidreamh le geallsealbhóirí

An cur chuige straitéiseach

a. An foghlaimoír a chur i gceartlár na hoibre

b. Ról a thabhairt d’ionadaithe foghlaimoírí i mbeartais, i ngníomhaíochtaí, i struchtúir rialachais, i ndearbhú cáilíochta agus i bpróisis cháilíochtaí an Údaráis

c. Spreagadh a thabhairt do sholáthraithe chun go mbeidh foghlaimoírí rannphárteach go hiomlán sna próisis um dhearbhú cáilíochta agus sna próisis cháilíochtaí, lena n-áirítear i meicníochtaí gearán agus achomhairc

d. Comhairle a sholáthar i dtaobh aithint cáilíochtaí

e. Dámhachtainí a dhéanamh agus foghlaim a theastasú.

3 Cáilíocht soláthraithe a dhearbhú agus tacú le feabhsuithe ar chaighdeán an tsoláthair oideachais agus oiliúna

An cur chuige straitéiseach

a. An caidreamh a bhíonn againn le soláthraithe a bhunú ar a n-uathrialachas dlíthiúil faoi seach, ar a gcumas agus ar an oideachas agus an oiliúint a chuireann siad ar fáil

b. Dearbhú a sholáthar do cháilíocht soláthraithe breisoideachais agus ardoideachais a chomhlíonann caighdeáin úrrúnta cháilíochta

c. Samhlacha éagsúla de dhearbhú seachtrach cáilíochta a scrúdú agus a forbairt

d. Ár gcaighdeáin, ár gcoritéir agus ár dtreoirlínte do sholáthraithe éagsúla i dtaca le dearbhú cáilíochta agus bailíochtú clár a chur i bhfocail shoiléire

e. Forbairt cumais i measc soláthraithe a spreagadh trí dhea-chleachtas cáilíochta a aithint, a roinnt agus a scaipeadh

f. Díriú ar idirnáisiúnú an oideachais trí chaighdeáin agus treoirlínte cáilíochta a forbairt, lena n-áirítear an Marc Oideachais Idirnáisiúnta

g. Meicníochtaí éifeachtacha a forbairt a chuirfidh crann taca faoi chineálacha nua soláthair, measúnaithe agus teastasaithe i réimse an ardoideachais agus na hoiliúna

h. Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar a éifeachtaí atá socruithe um dhearbhú cáilíochta soláthraithe

i. Athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar thionchar ghníomhaíochtaí athbhreithnithe, monatóireacht, rialála agus cumarsáide an Údaráis, chun foghlaim uathu, agus iad a oiriúnú agus a fheabhsú

j. Beimid rannpháirteach in obair forbartha ar chaighdeáin agus ar threoirlínte Eorpacha agus idirnáisiúnta um dhearbhú cáilíochta; buntacóidh na caighdeáin agus na treoirlínte sin le hobair an Údaráis agus cuirfear é sin in iúl do gheallsealbhóirí.

4 Rachfar i gcomhar le geallsealbhóirí chun córais oideachais agus oiliúna na hÉireann agus córas na gcáilíochtaí a chomhtháthú tuilleadh

An cur chuige straitéiseach

a. Ceapfar meicníochtaí éifeachtacha ar mhaithe le comhairliú, cumarsáid, agus comhoibriú le geallsealbhóirí atá ann cheana agus le geallsealbhóirí nua

b. Rachfar i mbun oibre chun an t-atbhóiriú atá ar bun i gcónaí san ardoideachas, sa bhreisoideachas agus san oiliúint a nascadh chun tuilleadh cosán, forchéimnithe, nuála agus solúbthachta a ghiniúint sa soláthar agus i gcáilíochtaí d’fhoghlaimoírí

c. Faoi chuimsiú an athchóirithe ar bhreisoideachas agus oiliúint agus chur chun feidhme na straitéise ardoideachais, ceapfar meicníochtaí um dhearbhú cáilíochta chun cáilíocht a chothabháil agus a fheabhsú.

d. Féachfar le struchtúir éifeachtacha a forbairt chun caighdeáin a chinneadh do cháilíochtaí agus chun riachtanais fostaíochta a chomhlíonadh

e. Déanfar nuáil agus freagrúlacht a spreagadh agus a éascú i gcáilíochtaí agus i gcláir chun riachtanais fostaíochta, sochaíocha agus cultúrtha a chomhlíonadh

f. Déanfar gaolmhaireachtaí le piarghníomhaireachtaí agus piarlíonraí idirnáisiúnta a chothabháil agus a leathnú

g. Déanfar ionadaíocht ar son na hÉireann, thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna, i líonraí idirnáisiúnta ar mhaithe le haithint cáilíochtaí.

5 Eolas ábhartha, tráthúil agus cuimsitheach a sholáthar don phobal maidir le cáilíocht an tsoláthair oideachais agus oiliúna agus na gcáilíochtaí

An cur chuige straitéiseach

a. Cinnteofar go gcuireann soláthraithe breisoideachais, ardoideachais agus oiliúna eolas ábhartha, tráthúil agus cuimsitheach ar fáil d’fhoghlaimoírí agus don phobal ar chaighdeán an tsoláthair agus na gcáilíochtaí

b. Bunófar bunachar sonraí náisiúnta cuimsitheach, insroichte de chláir agus de cháilíochtaí ar dearbhaíodh a gcáilíocht

c. Foilseofar eolas sothuigthe ar thorthaí ár ngníomhaíochtaí maidir le dearbhú cáilíochta agus rialáil agus tacófar le hidirghabhálacha ar fud an chórais chun cáilíocht a chothabháil agus a fheabhsú

d. Cuirfear ról, freagrachtaí agus gníomhaíochtaí an Údaráis agus na bpríomhpháirtithe leasmhara i dtaca le dearbhú cáilíochta agus cáilíochtaí in iúl don phobal

e. Déanfar ár gcur chuige i leith eolas ar cháilíocht, ar chláir agus ar cháilíochtaí a bhailiú, a roinnt agus a chur i láthair a chomhordú le comhlachtaí Stáit chun cur leis an trédhearcaht, éifeachtúlachtaí a ghiniúint agus dúbláil a sheachaint.

6 Cultúr eagraíochtúil a chothú a chuirfidh ar chumas an Údaráis feidhmiú go rathúil

An cur chuige straitéiseach

a. Neartú a dhéanamh ar scileanna agus acmhainn na foirne chun dul i mbun nuála agus athrú a bhainistiú

b. Cloí leis an gCód Cleachtais um rialáil comhlachtaí Stáit

c. Meastóireacht rialta a dhéanamh ar ár ngníomhaíochtaí, ár dtosaíochtaí agus ar an úsáid a bhainimid as acmhainní

d. Ár bpróisis ghnó agus ár gcórais Theicneolaíocht Eolais agus Cumarsáide a athbhreithniú, a chomhtháthú agus a fheabhsú

e. Struchtúir choiste a bhunú agus a oibriú chun tacú le piar-athbhreithniú agus le caidreamh leanúnach éifeachtach le geallsealbhóirí seachtracha

f. Córas úrrúnta inmheánach um dhearbhú cáilíochta a chur chun feidhme

g. Cultúr pleanála agus bainistíocht tionscadail a forbairt

h. Cur lenár bhfeidhmíocht trí bhithin córas éifeachtach bainistíocht agus forbairt feidhmíochta don fhoireann

i. Monatóireacht, tuairisciú agus athbhreithniú rialta a dhéanamh ar feidhmiú straitéis agus fheidhmíocht an Údaráis

j. A chinntiú go ngéillimid do na Caighdeáin agus Treoirlíne um Dhearbhú Cáilíochta sa Limistéar Eorpach um Ardoideachas.